


peannaireacht



triail



feadóg stáin

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cén fáth a gcaithfidh páistí mata a dhéanamh ar scoil, do bharúil?

**Tasc 2:**
Is ábhair scoile iad Gaeilge, Béarla agus Mata. Ainmnigh 5 ábhar eile nach bhfuil scríofa ar thuairisc Lorcáin.

CEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

1 Tuairisc Scoile

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Tuairisc Scoile

# Tuairisc Scoile

**Bunscoil Naomh Muire**
**Doire**

Tuairisc Dheireadh na Scoilbliana 2014
Ainm: **Lorcán Ó Dónaill**
Múinteoir: **Úna de Brún**
Rang 5

| Ábhar | Nótaí |
|---|---|
| **Gaeilge** | Is breá le Lorcán an Ghaeilge. Tá a chuid Gaeilge scríofa go hiontach ar fad! Bíonn **peannaireacht** Lorcáin néata i gcónaí. |
| **Mata** | Tá dúil bhocht ag Lorcán sa mhata ach caithfidh sé bheith cúramach le táblaí 8 agus 9! |
| **Béarla** | Tá Lorcán ag éirí níos fearr ag an ábhar seo ach caithfidh sé go fóill a chuid scileanna fónaice a úsáid nuair atá sé ag léamh. |
| **Eolaíocht** | Tá Lorcán an-ábalta san ábhar seo. Is breá leis **trialacha** a dhéanamh agus bheith ag obair taobh amuigh. |
| **Spórt** | Ní bhíonn a chuid éadaí spóirt le Lorcán go minic agus fiú nuair a bhíonn siad leis, is maith leis bheith ina shuí ag amharc ar rudaí eile in áit bheith ag imirt spóirt. |
| **Ceol** | Caithfidh Lorcán iarracht níos fearr a dhéanamh sa cheol. Bíonn an **fheadóg stáin** ina chluas níos minice ná a bhíonn sí ina bhéal! |

# Ceisteanna

**1. Cá huair a scríobh an múinteoir an tuairisc seo?**
(a) Meán Fómhair
(b) Nollaig
(c) Meitheamh

**2. Cé hí Úna de Brún?**
(a) Deirfiúr Lorcáin
(b) Mamaí Lorcáin
(c) Múinteoir Lorcáin

**3. Cad é mar a d'éirigh le Lorcán sa Ghaeilge?**
(a) Go holc
(b) Go han-mhaith
(c) Go measartha

**4. Tá an focal 'néata' in úsáid mar:**
(a) briathar.
(b) aidiacht.
(c) ainmfhocal.

**5. Cad é a chiallaíonn 'Tá dúil bhocht ag Lorcán sa mhata'?**
(a) Ní maith le Lorcán an mata
(b) Is maith leis an mata go mór
(c) Níl airgead ar bith ag Lorcán

**6. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar Lorcán nuair a bhíonn ceacht spóirt aige?**
(a) Cainteach
(b) Falsa
(c) Gasta